

## AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2002

## MATAMAITIC - ARDLEIBHÉAL

DÉ LUAIN, 10 MEITHEAMH - MAIDIN, 9.30 go 12.00

## PÁIPÉAR 2 (300 marc)

Freagair **CEIST 1** (100 marc) agus **CEITHRE** cheist eile (50 marc an ceann).

**RABHADH:** Caillfear marcanna mura dtaispeántar obair riachtanach go soiléir.  
Feadfar Táblaí Matamaitice a fháil ón bhFeitheoir.

1. (i) Ríomh  $\frac{3}{7}$  de 98 agus sloinn do fhreagra mar chodán de 56.  
Bíodh do fhreagra sa bhfoirm is simplí.


- (ii) Déantar €225 a roinnt idir triúr sa chóimheas  $1 : \frac{3}{2} : 2$ .  
Ríomh an roinn is mó.

- (iii) Tá airde cóin ionann le dhá uair an gha. Tá toirt an chóin cothrom le  $\frac{16}{3}\pi \text{ cm}^3$ .  
Ríomh an ga.

- (iv) Sa triantán  $pqr$  tá  $xy$  comhthreomhar le  $qr$ .

Tá  $|pq| = 14 \text{ cm}$ ,  $|qr| = 21 \text{ cm}$  agus  $|xq| = 4 \text{ cm}$ .


Faigh  $|xy|$ .



- (v) Comhthreomharán é  $abcd$ .

Tá  $ae$  agus  $cf$  ingearach le  $bd$  mar a léirítear.

Cruthaigh go bhfuil an dá thriantán  $abe$  agus  $dcf$  iomchuí.




- (vi) Tadhlaí don chiorcal ag  $t$  is ea  $pt$ .

Tá  $|pt| = 8$  cm agus  $|ab| = 12$  cm.

Faigh  $|pb|$ .

[ Nod: Bíodh  $|pb| = x$ .]




- (vii) Trastomhas den chiorcal, gur lár dó  $o$ , is ea  $[ab]$ .

Pointí ar an gciorcal iad  $c$  agus  $d$ .

Trasnaíonn  $[ab]$  agus  $[cd]$  a chéile ag  $k$ .

Tá  $|\angle cdb| = 38^\circ$  agus tá  $|\angle ckb| = 80^\circ$ .

Scríobh síos  $|\angle cab|$  agus ansin faigh  $|\angle dc b|$ .



- (viii) Gearrann an líne  $2x - 3y + 12 = 0$  an ais-x ag  $p$  agus an ais-y ag  $q$ .

Faigh comhordanáidí lárphointe  $[pq]$ .

- (ix) Fíoraigh go bhfuil an pointe  $(1, -1)$  ar an líne  $3x + 2y - 1 = 0$ .

Faigh cothromóid íomhá na líne sin faoin aistriú  $(1, -1) \rightarrow (-2, 3)$ .

- (x) Tá  $\sqrt{3} \tan 2A = 1$ , áit  $0^\circ \leq A \leq 90^\circ$ . Faigh  $A$ .

2. (a) Rinneadh €750 a infheistiú ar feadh trí bliana ar ús iolraithe.

4% sa bhliain an ráta úis a bhí ann i ngach ceann den chéad dá bhliain araon.

(i) Ríomh méid an infheistithe ag deireadh an dara bliain.

(ii) Bhí méid an infheistithe cothrom le €851.76 ag deireadh an tríú bliain.

Ríomh an ráta úis don tríú bliain.

- (b) Má thugtar  $4xp - 3t = 5p$

(i) sloinn  $x$  i dtéarmaí  $p$  agus  $t$

(ii) faigh an luach ar  $x$  nuair  $t = \frac{2p}{3}$ .

3. (a) Cruthaigh go bhfuil pointe ar bith ar an déroinnteoir ingearach de mhírlíne ar leith ar chomhfhad ó fhoircinn na mírlíne.

- (b) I dtriantán  $abc$ , tá  $ac \perp bc$  agus tá  $|\angle abc| = 30^\circ$ .


Is é  $K$  an déroinnteoir ingearach de  $[bc]$

agus trasnaíonn  $K$  an mhírlíne  $[ab]$  ag  $d$ .

(i) Faigh  $|\angle dc b|$ .

(ii) Cruthaigh  $|dc| = |da| = |ac|$ .

(iii) Faigh an cóimheas  $\frac{\text{achar } \Deltadbe}{\text{achar } \Delta abc}$ .



4. (a) I dtriantán dronuilleach cruthaigh go bhfuil achar na cearnóige ar an taobhagán ionann le suim achar na gcearnóg ar an dá shlios eile.

- (b) Sa triantán  $xyz$  tá  $|\angle xyz| = 90^\circ$ .


Pointe ar  $[xy]$  is ea  $m$  agus pointe ar  $[yz]$  is ea  $n$ .

(i) Cruthaigh

$$|xz|^2 - |mz|^2 = |xy|^2 - |my|^2.$$

(ii) Bain as sin go bhfuil

$$|xz|^2 - |mz|^2 = |xn|^2 - |mn|^2.$$



5. Trí phointe iad  $a(-1, 4)$ ,  $b(3, 1)$  agus  $c(2, 0)$ .

(i) Faigh  $|ab|$ .

(ii) Faigh fána  $ab$ .

(iii) Gabhann an líne  $L$  tríd an bpointe  $c$  agus tá sí ingearach le  $ab$ .

Faigh cothromóid  $L$ .


(iv) Ríomh achar an triantáin  $abc$ .

(v) Trasnaíonn an líne  $L$  an líne  $ab$  ag  $d$ . Bain feidhm as achar an triantáin  $abc$  chun  $|cd|$  a fháil.

6. (a) Sa triantán léirithe,

- (i) ríomh  $y$
- (ii) ríomh achar an triantáin.

Bíodh do chuid freagraí i bhfoirm shurda.




(b) Sa triantán  $abc$  tá

$$|\angle acb| = 28^\circ 41', \quad |\angle bac| = 23^\circ 35'$$

agus tá  $|bc| = 15$  cm.

- (i) Ríomh  $|ab|$ .
- (ii) Tá  $x$  ar  $cb$  gur fíor in a leith  $ax \perp xb$ , mar a léirítéar.

Ríomh  $|ax|$ , ceart go dtí an cm is gaire.



(c) Pointí iad  $x, y, z$  ar an gciorcal ar lár dó  $o$ .

Tá ga an chiorcail cothrom le 10 cm.

Is triantán comhshleasach é  $xoz$ .

Faigh

- (i) achar an triantáin  $xoz$
- (ii) achar an triantáin  $xyz$ .

